Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2014**

# Stair

## Aonad 1: Grinnstaidéir

### Ardsraith

**[GHY12]**

GHY12

**DÉ hAOINE 16 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **ceithre** cheist: **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe** i Roinn A **agus dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe** i Roinn B.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcodanna **(b)**, **(c)** agus **(d)** de na ceisteanna uile.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

LEATHANACH BÁN

**Ná** freagair **ach ceithre** cheist

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe**


| **ROGHANNA** | | **Leathanaigh** |
|---|---|---|
| **Rogha 1:** | An Ghearmáin, 1918–1941 | 4–5 |


## Roinn B

Freagair **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe**


| | | |
|---|---|---|
| **Rogha 5:** | Caidreamh ag Athrú:<br>An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985 | 6–7 |

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist as d'ábhar roghnaithe

### Rogha 1: An Ghearmáin, 1918–1941

Freagair **dhá** cheist ar bith.
Ba chóir duit na codanna uilig den cheist a fhreagairt.

**1 Iarmhairtí an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus Poblacht Weimar is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** théarma de chuid Chonradh Versailles. [2]

**(b)** Cad é mar a d'fheabhsaigh Gustav Stresemann caidreamh na Gearmáine le tíortha eile idir 1924 agus 1929? [5]

**(c)** Cad iad na dóigheanna a ndeachaigh an ghéarchéim hipearbhoilscithe in 1923 i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine? [6]

**(d)** Mínigh an dóigh ar bhain an Páirtí Naitsíoch cumhacht amach sa Ghearmáin faoi Eanáir 1933. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Athrú ar bheartaíocht na Naitsithe i ndiaidh Putsch München
- Tacaíocht mhéadaithe don Pháirtí Naitsíoch, 1930–Eanáir 1933. [12]

**2 An Ghearmáin Naitsíoch, 1933–1939, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** ghníomh a rinne na Naitsithe le cuidiú leo smacht a fháil ar na heaglaisí sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939. [2]

**(b)** Cén dóigh a ndearna na Naitsithe iarracht an dífhostaíocht a laghdú sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939? [5]

**(c)** Cad iad na dóigheanna a ndeachaigh Hitler agus na Naitsithe i bhfeidhm ar shaol na ndaoine óga sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939? [6]

**(d)** Mínigh an dóigh a ndearna na Naitsithe iarracht pobal na Gearmáine a chur faoi smacht ó 1933 go dtí 1939. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- An Gestapo agus an SS
- Cinsireacht agus bolscaireacht. [12]

**3 Polasaithe agus Gníomhartha na Naitsithe san Eoraip, 1933–1941, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** chúis le hionradh na Gearmáine ar an APSS (*USSR*) in 1941. [2]

**(b)** Cén dóigh a raibh na Naitsithe ábalta Dúiche na Réine a athmhíleatú in 1936? [5]

**(c)** Cén dóigh a raibh an Ghearmáin ábalta aontú leis an Ostair in 1938? [6]

**(d)** Mínigh cad é mar a mhéadaigh na Naitsithe a smacht ar an tSeicslóvaic agus ar an Pholainn in 1938 agus 1939. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Comhdháil München agus éifeachtaí géillte is síthe
- An tSeicslóvaic agus an Pholainn. [12]

## Roinn B

### Rogha 5: Caidreamh ag Athrú: An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985

Freagair **dhá** cheist ar bith.
Ba chóir duit na codanna uile den cheist a fhreagairt.

**13 Tuaisceart Éireann sna 1960í agus a Chaidreamh le Poblacht na hÉireann is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** ghníomh a rinne O'Neill le geilleagar Thuaisceart Éireann a fheabhsú sna 1960í. [2]

**(b)** Cad iad na dóigheanna ar fhreagair náisiúnaithe agus aontachtaithe do Chlár Leasuithe Cúig Phointe O'Neill? [5]

**(c)** Cad é mar a rinne gluaiseacht na gCeart Sibhialta iarracht cearta sibhialta a bhaint amach do mhuintir Thuaisceart Éireann idir 1967 agus Eanáir 1969? [6]

**(d)** Mínigh cad é mar a rinne O'Neill iarracht caidreamh a fheabhsú le náisiúnaithe i dTuaisceart Éireann agus le Poblacht na hÉireann agus cad chuige ar chuir a lán aontachtaithe in éadan na n-iarrachtaí seo. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Gníomhartha dírithe ar náisiúnaithe i dTuaisceart Éireann agus ar Phoblacht na hÉireann
- Fáthanna ar chuir aontachtaithe ina n-éadan. [12]

**14 Géarú ar Chorraíl Pholaitiúil agus Shibhialta is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** fhreagairt ag aontachtaithe do Dhomhnach na Fola, 1972. [2]

**(b)** Cad é mar a mhéadaigh an foréigean i dTuaisceart Éireann i samhradh na bliana 1969? [5]

**(c)** Cad iad na dóigheanna ar fhreagair aontachtaithe agus náisiúnaithe do thabhairt isteach Riail Dhíreach in 1972? [6]

**(d)** Mínigh cén dóigh, agus cad chuige, ar athraigh caidreamh idir náisiúnaithe agus Arm na Breataine i ndiaidh Lúnasa 1969. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Freagairt na náisiúnaithe d'Arm na Breataine
- Teacht chun cinn Óglaigh na hÉireann Sealadach agus imtheorannú. [12]

**15 Réiteach a Lorg is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** théarma de chuid Chomhaontú Sunningdale, 1973. [2]

**(b)** Cad é mar a d'fhreagair náisiúnaithe agus aontachtaithe don Stailc Ocrais in 1981? [5]

**(c)** Cad é mar a chuir aontachtaithe in éadan an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh in 1985? [6]

**(d)** Mínigh cén dóigh, agus cad chuige, ar fhreagair muintir Thuaisceart Éireann do thabhairt isteach comhroinnt cumhachta in 1973 agus 1974. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Tacaíocht do chomhroinnt cumhachta
- Cur in éadan comhroinnt cumhachta. [12]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

8735.02/4